
AN TAONTAS
EORPACH

# An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:

## Uirlis chun do smaointe a chur in iúl ar fud an Aontais



## Cén fáth ar cheart duit seasamh chun tosaigh?

**Bí ag gníomhú ar shaincheisteanna atá tábhachtach duit** – brúigh an cnaipe chun tús a chur le clár oibre an Aontais

**Tóg líonra** agus faigh tacaíocht ó Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

**Tabhair tacaíocht ar bhealach a oireann duitse** – sínigh tionscnamh nó déan feachtas ar a shon

# Seasamh chun tosaigh!

**An deis a thapú agus Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur isteach, is mór an sásamh a bhaineann leis sin in go leor bealaí. Tá go leor gaiscí agus spriocanna ag baint le feachtas de chuid Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh, ó shínithe a bhailiú go dtí an smaoineamh a scaipeadh i measc do chomhshaoránach. Is féidir cuid mhór a bhaint amach nuair a sheasann tú chun tosaigh. Caith súil ar an méid atá le rá ag eagraithe faoina dturas féin leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh:**

“Trí Thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh, bhíomar in ann léargais a fháil agus plé iontach a dhéanamh le daoine ar fud an Aontais Eorpaigh, daoine nach mbeimis in ann labhairt leo de ghnáth agus muid ag obair. An rud is dearfaí a bhí ann ná an buíochas a ghabh ár dtacadóirí as gach cearn den Eoraip linn, sin agus an misneach a thug siad dúinn. Chuir an spreagadh sin i gcuimhne dúinn cé chomh tábhachtach is atá sé labhairt amach, fiú nuair a bhíonn sé deacair sin a dhéanamh.’

**Tionscnamh de chuid na sochaí sibhialta maidir le toirmeasc ar chleachtais ollfhaireachais bhithmhéadraigh / eagraithe an tionscnaimh dar teideal ‘Reclaim Your Face’ [‘D’aghaidh a éileamh ar ais’]**

“Osclaítear doirse nuair a sheoltar Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh! Is bealach é chun do chuid éileamh a chur in iúl agus is deis é chun difríocht a dhéanamh. Cuireadh ár smaointe san áireamh sa rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Tithíocht do Chách le déanaí. Tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh 1 mhilliún síniú a bhailiú, ach tá sé níos tábhachtaí díriú isteach ar an ábhar féin. Cuir do chuid éileamh in iúl agus lean ar aghaidh, fiú mura n-éiríonn leat 1 mhilliún síniú a fháil! Is ina dhiaidh sin a tharlaíonn na rudaí iontacha, ar nós an tionscadail leantaigh housing4europe.org atá idir lámha againn faoi láthair. Chasamar le go leor daoine atá anois ag glacadh páirt ann.’

**eagraithe an tionscnaimh TITHÍOCHT DO CHÁCH**

“Bhí ár dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ag teacht go mór le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Mar sin de, ón uair a tháinig Coimisiún von der Leyen i mbun oifige, tá saincheisteanna a bhaineann le cosaint ithreach á dtarraingt anuas agus á bplé ar leibhéal an Aontais. Tugadh cuireadh dom ár smaointe a chur i láthair ag cruinnithe i Parlaimint na hEorpa. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa rún a ghlacadh maidir leis an gcosaint ithreach, chuir an Coimisiún an straitéis nua ithreach i láthair: sin go díreach an rud a bhí á iarraidh againn lenár dTionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, ach amháin gur tharla sé trí bliana níos déanaí.’

**eagraithe an tionscnaimh ‘People4Soil’**


“Agus muid ag féachaint ar uirlisí éagsúla an daonlathais rannpháirtíochta atá ar fáil san Aontas, d’fhéachamar ar achainíocha agus ar an mbrústocaireacht, ach chonacthas dúinn gurb é an TES an uirlis is fearr, go háirithe do na daoine óga, chun páirt dhíreach a ghlacadh i gceapadh beartas an Aontais.’

**eagraithe an tionscnaimh ‘Vótálaithe gan Teorainneacha’**


# Príomhfhíricí a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh




Tugadh isteach é le **Conradh Liospóin** a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009.



**Cuireadh tús leis** an 1 Aibreán 2012 nuair a tháinig an chéad rialachán maidir le TES i bhfeidhm




Tá gá le **1 mhilliún síniú** chun do thionscnamh a sheoladh isteach chuig an gCoimisiún, agus tá oibleagáid ann tairseach íosta uimhreacha a bhaint amach i 7 dtír san Aontas Eorpach ar a laghad



Úsáideann eagraithe an **Córas Bailithe ar Líne** atá á reáchtáil ag an gCoimisiún, saor in aisce, rud a fhágann gur féidir sínithe a bhailiú ar líne i gcomhréir iomlán leis an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí.



Tá roinnt tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh tar éis an líon ráiteas tacaíochta a bhaint amach atá ag teastáil chun go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach beart ina leith. Tháinig **reachtaíocht nua** as cuid de na tionscnaimh sin, agus bhí **toradh fiúntach** ar an gcuid eile acu.

KA-05-24-612-GA-N

# Treoir ghearr maidir leis an daonlathas rannpháirtíochta ar leibhéal an Aontais

**Mar shaoránach den Aontas Eorpach, tá sé de cheart agat páirt a ghlacadh i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais. Tugaimid léargas duit anseo ar an réimse leathan uirlisí lenar féidir leat do thuairim a nochtadh agus páirt a ghlacadh i mbeartais a mhúnlú ar leibhéal an Aontais.**

**1. Vótáil nó seasamh mar iarrthóir i toghcháin Eorpacha.** Caith vóta d'iarrthóirí ag a bhfuil an clár oibre polaitiúil is fearr a léiríonn do chuid mianta i dtaca leis an Aontas. Coinnigh i dteagmháil le do FPEnna le linn a dtréimhse oifige ionas go mbeidh siad in ann do chuid leasanna a chur chun cinn. Tá cearta toghchánacha ag saoránaigh den Aontas Eorpach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile. Tá sé de cheart agat freisin seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin. Féach leat conas sin a dhéanamh.

**2. Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh** – Mar atá leagtha amach thuas, leis an TES is féidir leat gníomh a mholadh maidir le saincheist atá tábhachtach duit agus tacaíocht a bhailiú ar fud an Aontais. Nuair a bheidh 1 mhilliún síniú bailithe agat, buailfidh tú leis an gCoimisiúin agus glacfaidh tú páirt in éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Ansin scrúdóidh an Coimisiún bunábhar do thionscnaimh agus tabharfaidh sé freagra foirmiúil ina leagfar amach an gníomh a dhéanfar nó, mura bhfuil aon ghníomh leantach molta, tabharfaidh sé míniú ar an bhfáth a ndearnadh an cinneadh sin. Má chinneann an Coimisiún ar thogra reachtach a chur ar aghaidh, beidh feidhm ag prionsabal na coimhdeachta, prionsabal na comhréireachta agus ag rialáil níos fearr. I bhformhór na gcásanna, beidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an togra a ghlacadh sular féidir dlí de chuid an Aontais a dhéanamh de.

**3.** Leagtar amach sa **tairseach 'Cloisimis Uait'** an iliomad bealaí ar féidir leis na saoránaigh den Aontas cur le beartais an Aontais agus na bealaí a n-oibríonn an Coimisiún Eorpach. Sa bhreis ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, cuireann **colún na gComhairliúchán Poiblí agus an Aiseolais** ar a gcumas do na saoránaigh agus na gnólachtaí a dtuairimí a chomhroinnt maidir le beartais an Aontais atá ar na bacáin agus maidir le dlíthe atá ann cheana féin. Is féidir leat do thuairimí a chomhroinnt trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoirí ar thionscnaimh an Choimisiúin agus cur leis an bpróiseas cinnteoireachta. Is féidir leat páirt a ghlacadh freisin i ndíospóireacht nó i bpainéal saoránach trí **Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach**. Tá spás tiomnaithe ar líne ann ina bhfuil aistriúchán fíor-ama chun rannpháirtíocht i bpléití ar an leibhéal Eorpach a spreagadh maidir le tograí tábhachtacha de chuid an Aontais atá ar na bacáin. Bíonn an Coimisiún Eorpach ag iarraidh fáil amach faoi thuairimí na saoránach go luath agus tionscnaimh bheartais nua á ndréachtú againn. Tuilleadh eolais: https://have-your-say.ec.europa.eu/index_ga.

**4.** Cuir **achainí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa** maidir leis an dóigh a gcuirtear reachtaíocht na hEorpa i bhfeidhm agus faoin tionchar atá aici ar do shaol. Baineann achainíocha le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais atá ar siúl cheana féin; ní féidir leo tograí a iarraidh le haghaidh dlíthe nua de chuid an Aontais; is féidir le haon achainíoch amháin achainí a chur isteach. Féachann an Coiste um Achainíocha de chuid Pharlaimint na hEorpa le freagra a thabhairt ar na hachainíocha go léir agus, nuair is féidir, réiteach neamhbhreithiúnach a thabhairt ar ábhair imní a bhfuil údar leo a tharraingíonn achainígh anuas faoi shaincheisteanna a bhaineann le réimsí gníomhaíochta an Aontais. Féach leat conas a oibríonn sé.

**TAPAIGH AN DEIS**

**An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

**Slí duitse an beartas Eorpach a mhúnlú**

AN TAONTAS EORPACH

**#EUTakeTheInitiative**

**citizens-initiative.europa.eu**

© An tAontas Eorpach, 2024 Níl cosc ar athúsáid ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil. Is le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39) a rialaítear an beartas athúsáide maidir le doiciméid de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

ISBN: 978-92-68-19967-1 – DOI: 10.2792/926995